2025/1500

24.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1500 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2025

maidir leis an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí in 2025

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 25a(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar gníomhaíochtaí eitlíochta a áireamh sa chóras i ndáil le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas ('CTA AE') a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE.

(2) Le Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) leasaíodh Treoir 2003/87/CE chun an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta ('CORSIA') de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ('EESI') a chur chun feidhme go hiomchuí.

(3) De bhun Airteagal 25a(3) de Threoir 2003/87/CE, tá an Coimisiún le liosta Stát a ghlacadh a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE, le bonnlíne 85 % d'astaíochtaí 2019 le haghaidh gach bliana ó 2024, cé is moite de thíortha LEE, den Eilvéis agus den Ríocht Aontaithe. Sa Treoir sin, rinneadh tíortha LEE, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe a eisiamh ó liosta Stát den sórt sin ó tharla go dtagann na bealaí idir na tíortha sin faoi raon feidhme a gcóras trádála astaíochtaí faoi seach.

(4) I gcás 2025, maidir leis an gcinneadh chun Stát a áireamh ar an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE, tá sé bunaithe ar fhógra ón Stát ina dtugtar le fios go bhfuil sé beartaithe aige CORSIA a chur i bhfeidhm maidir le hastaíochtaí in 2025, agus ar fhógra den sórt sin a thabhairt do Rúnaíocht EESI. Foilsíonn Rúnaíocht EESI liosta in aghaidh na bliana de na Stáit a thug an fógra sin. Chun na hathruithe ar na liostaí sin a fhoilsítear ar bhonn bliantúil a léiriú, tá an Coimisiún le liosta Stát a ghlacadh gach bliain, ar stáit iad a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE, cé is moite de thíortha LEE, den Eilvéis agus den Ríocht Aontaithe.

(5) Áirítear San Mairíne agus Monacó ar an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu agus a d'fhoilsigh Rúnaíocht EESI le haghaidh 2025. Mar sin féin, níor cheart San Mairíne ná Monacó a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ó tharla nach bhfuil aon aerfort acu agus ó tharla nach bhfuil aon eitilt acu lena n-úsáidtear bealaí a bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm orthu chun críocha Threoir 2003/87/CE.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.
([2]) Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/958/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leagtar amach an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE maidir le hastaíochtaí in 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE maidir le hastaíochtaí in 2025

1.	an Afganastáin
2.	an Albáin
3.	Antigua agus Barbúda
4.	an Airméin
5.	an Astráil
6.	an Asarbaiseáin
7.	na Bahámaí
8.	Bairéin
9.	Barbadós
10.	an Bheilís
11.	Beinin
12.	an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin
13.	an Bhotsuáin
14.	Buircíne Fasó
15.	an Chambóid
16.	Camarún
17.	Ceanada
18.	Oileáin Chomóra
19.	Oileáin Cook
20.	Cósta Ríce
21.	an Cósta Eabhair
22.	Cúba
23.	Poblacht Dhaonlathach an Chongó
24.	an Phoblacht Dhoiminiceach
25.	Eacuadór
26.	an tSalvadóir
27.	an Ghuine Mheánchiorclach
28.	an Ghabúin
29.	an tSeoirsia
30.	Gána
31.	Greanáda
32.	Guatamala
33.	an Ghuáin
34.	Háití

35.	Hondúras
36.	an Indinéis
37.	an Iaráic
38.	Iosrael
39.	Iamáice
40.	an tSeapáin
41.	an Chasacstáin
42.	an Chéinia
43.	Cireabas
44.	Cuáit
45.	Madagascar
46.	an Mhaláiv
47.	an Mhalaeisia
48.	Oileáin Mhaildíve
49.	Mailí
50.	Oileáin Marshall
51.	an Mháratáin
52.	Oileán Mhuirís
53.	Meicsiceo
54.	an Mhicrinéis
55.	an Mholdóiv
56.	Montainéagró
57.	an Namaib
58.	Nárú
59.	an Nua-Shéalainn
60.	an Nigéir
61.	an Mhacadóin Thuaidh
62.	Óman
63.	Oileáin Palau
64.	Nua-Ghuine Phapua
65.	na hOileáin Fhilipíneacha
66.	Catar
67.	Ruanda
68.	San Críostóir-Nimheas
69.	Saint Lucia
70.	San Uinseann agus na Greanáidíní
71.	Samó

72.	an Araib Shádach
73.	an tSeirbia
74.	na Séiséil
75.	Siarra Leon
76.	Singeapór
77.	Oileáin Sholomón
78.	an Chóiré Theas
79.	an tSúdáin Theas
80.	Suranam
81.	an Tansáin
82.	an Téalainn
83.	an Ghaimbia
84.	Tíomór Thoir
85.	Tonga
86.	Oileán na Tríonóide agus Tobága
87.	an Tuirc
88.	Tuvalu
89.	Uganda
90.	an Úcráin
91.	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
92.	na Stáit Aontaithe
93.	Uragua
94.	Vanuatú
95.	an tSaimbia
96.	an tSiombáib